

# ELeathanach281

Dé Luain 15 Eanáir 2018

## An Mac Tíre ar a bhealach ar ais

In Éirinn mharaigh daoine an mac tíre deireanach sa bhliain 1786 i gContae Cheatharlach. Ach tá áiteanna ar fud na hEorpa ina bhfuil an mac tíre beo beathach i gcónaí.

Cúpla bliain ó shin chonaic daoine an chéad mhac tíre san Eilvéis le breis is ochtó bliain. Agus an tseachtain seo chonaic daoine an chéad cheann le breis is céad bliain sa Bheilg. Tháinig an mac tíre seo chuig an mBeilg ón nGearmáin.




## Eolaí Óg na Bliana 2018

An tseachtain seo caite san RDS i mBaile Átha Cliath, bhí Eolaí Óg na Bliana ar siúl. Bhí scoláirí bunscoile agus meánscoile páirteach ann. Bíonn an comórtas ann gach bliain agus bíonn sé an-suimiúil i gcónaí.

Oíche Dé hAoine, chualamar gur bhuaigh Simon Meehan an phríomhdhuais. Tá Simon cúig bliana déag d'aois agus tá sé ag freastal ar Choláiste Choilm i mBaile an Choiligh i gContae Chorcaí. Bhuaigh se trófaí agus €7500.

Glacfaidh Simon páirt freisin i gcomórtas d'eolaithe óga san Aontas Eorpach. I mbliana beidh an comórtas sin ar siúl i mBaile Átha Cliath.

Rinne Simon staidéar ar fhrithbheathaigh atá ar fáil go nádúrtha. D'oibrigh a sheanathair ar an rud céanna roimhe seo.



## Liam Neeson i mBaile Átha Cliath

Bhí an t-aisteoir clúiteach Liam Neeson i mBaile Átha Cliath ag deireadh na seachtaine. Rugadh Neeson ar an mBaile Meánach i gContae Aontroma. Tá sé lonnaithe sna Stáit Aontaithe, Meiriceá, le fada an lá anois.

Tá clú agus cáil ar Liam as an bpríomhpháirt a ghlac sé sna scannáin - *Taken*, *Schindler's List* agus *Michael Collins* - i measc go leor scannán eile.

Dé hAoine seo caite bhronn an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn gradam speisialta ar Neeson in Áras an Uachtaráin. Tugann an tUachtarán an gradam seo d'Éireannaigh atá ina gcónaí thar lear ach a chabhraíonn leis an tír seo i gcónaí.

Chomh maith leis an dea-obair sin, cabhraíonn Neeson le daoine i dtíortha bochta thar sáile. Bíonn sé ag cabhrú leis an eagraíocht idirnáisiúnta UNICEF.

